Tuirseach dhamh ag éirghe lae

[Éamonn Ó Tuathail: ‘Aisling na binne buirbe’, *Éigse* 4,112-117]

Eóghan Ó Donnaoile cc.

1 Tuirseach dha*mh* ag éirghe lae,
san mBin*n* Bhuirb mo ghné do mhill
aisling oidhche do-chon*nairc* mé -
’táim dá héis go tréa[th]lag tinn.

2 Aoinbhean dob áille gné
do-*chonn*airc mé [misde dhúin*n*!]
ar bruach in*n*bhir na n-éigne mbán
ag nighe a lámh ’s ag corn*adh* a cúil.

3 Folt dualach coin*n*leach cam,
gach lúb an*n* ar lí an óir,
gruadh lígheal ó ndeal[l]ruighean*n* g*ri*an
do chlaoi mo chiall, - fáth mo bhróin!

4 Dhá rosg shuai*mh*neach shíthe sháimh
m*ar* an gh*or*moighre ag snámh ré taobh,
mailghe caolchama nach léir,
m*ar* sgríb ghéir ar mheamra*m* mhaoth.

5 Déad dlúith fá deas eagra,
cíocha gan*n*a cruin*n*gheal corr,
a béal tana nár char meang,
a taobh seang tuin*n*gheal trom.

6 Brat uaine don tsról mhaothlag
’ma taobh séaghainn snea*cht*a seang;
fá lór d’uamhan a fhéachain
ó gach deilbh n-uathmh*air* mbeath*adh*ach an*n*.

7 Ceinnbheirt, ’s ní fhidir a déanamh,
’ma céibh n-áluin*n* ndualaigh nduin*n*;
fá lór do shoillsi i mbrugh dhorcha
lon*n*radh a cloch corrghlan cruin*n*.

8 Sgabal suaithn*idh* fiodhach fan*n*
gomadh léir ’na hu*cht* gan fhuath;
léine ’ma cneas sí[o]thghlan séimhe
do chlúimh géise ar n-a nighe go nuadh.

9  Gabhai*m* iongnadh, druidim ré,
fiafruighim féin go faiteach fan*n*:
h’ain*m* bun*aidh*, do thír dhúthchais
foillsigh dhúin*n*, a mh*éar*-lag mhall.

10 Faoilean*n* Tuin*n*e m’ain*m* baisdidh,
do-bheir gaisg*idhigh* i ndíth céille;
Borb na Bin*n*e m’ath*air*si,
’si mo mháthair Deallradh Gréine.

11 Bím seal san mBin*n* Bhuirbsi,
i Síth Dhuilbh ’s i mBin*n* Éad*air*,
i nDún Lir do-gheibhim fáilte
is bím lá i nInbhior Sgéine.

12 Bím lá i cCnoc Máine,
cnoc sin is áille tuairim,
bím lá lán dá n-an*n*sa*cht*
i measg bhantra*cht* Eamhna uaine.

13 Bím lá i mBrugh Naoisi
ga mbíodh críocha fá chánaidh,
bím seal go sámhghl*an* soc*air*
astigh i nDún Eoch*air* Mháighe.

14 Níl dún*adh* nuaghlan niamhdha
fá iathaibh fiadhghl*ana* Fion*n*tain
ná brugh soillseach suaithnidh
nach ccuartuighim seal dom aimsir.

15 Ag sin duitsi mo sgéala,
ní aimsighim bréaga d’in*n*isin,
bím seal fós go meadhrach
i dteaghlach aonaigh Thailtean.

16 Tug sin*n*e, a dh*ear*c mhálla,
tar mhnáibh na talmhan truime
dod chéibh choinnligh chuachaigh
tromgh*ra*dh suaithn*idh* suirghe.

17 San gh*rá*dh sin ní bhf*uil* tádhbha*cht*,
g*i*dh hádhmhar imrir cleasa,
ní bhiadh sin*n*e ag f*ear* dá óige
a*cht* an f*ear* fhó*ir*feas ar ngeasa.

18 Do gheasa leatsa sloin*nt*e*ar*,
réa n-in*n*isin ná gabh uamhan
d’fhios an ttiocfadh u*air* éigin
rérbh fhéid*ir* lin*n* a bhfuasgladh.

19 Codl*adh* ar corr g*ach* liosa
gan clis*eadh* ré sluaghaibh diamhra,
do bhiadh fós uisge is caora
uadh gach n-oidhche go ce*ann* bl*iadhn*a.

20 Gidh bé f*ear* seangghlan séadach
dhéan*as* a no*cht*aim dhíbhse,
bia[i]dh misi ó cheann*n* na bl*iadhn*a
aige g*an* siabhradh síthe.

21 D’éis an chomhráidh bhéilbhin*n*
ní fhéadaim codl*adh* sáimhe,
’s ’táim m*ar* sin dá tóraidhea*cht*,
mo dhóigh, le trí ráithe.

22 Ó ar ngrádh ádhbhal uaibhreach
dá gruaidhibh corc[r]a coin*n*leach,
gan suan gan codl*adh* sáimhe,
atáim go támhlag tu*ir*seach.    Tuirseach.